Imlitir 0052/2015

Chuig Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna

Toghadh Bord Bainistíochta Nua ar Bhunscoileanna

1. Ginearálta

In oirchill ar cheapadh Bord Bainistíochta nua ón 1 Nollaig 2015, rinne an Roinn, tar éis di dul i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann bhainistíocht na scoileanna, tuismitheoirí agus múinteoirí, nuashonrú ar an leabhrán *Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta 2011*.

Athainmníodh an cháipéis agus tá na forálacha nuashonraithe a rialóidh comhdhéanamh, ceapachán agus feidhmiú na mBord Bainistíochta a bheidh ag dul i mbun oifige ón 1 Nollaig 2015 leagtha amach anois sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019*.

Tá an ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019*** foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Scaipfear deich gcóip den lámhleabhar ar gach bunscoil sna seachtainí seo amach romhainn. Ní mór cóip chrua a sholáthar do gach duine a cheapfar ar an mBord Bainistíochta nua agus ní mór an dá chóip atá fágtha a sholáthar do Chumann na dTuismitheoirí.

Beidh feidhm i gcónaí leis an leabhrán *Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta 2011* suas go dtí deireadh a dtéarma oifige ar an 30 Samhain 2015.

2. Togha Bord Nua

Ní mór na nósanna imeachta atá leagtha amach sa ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019*** i gcomhair Boird nua a thoghadh a chur i ngníomh anois.

D'fhéadfadh an próiseas seo suas le naoi seachtaine ar a mhéad a thógáil ach is féidir é a chur i gcrích níos luaithe ná sin ag brath ar an rogha faoi leith a phioctar chun ainmnithe na

dtuismitheoirí a thoghadh nó nuair a théann an roghnúchán ar aghaidh gan feidhm a bhaint as toghchán (i.e. nuair nach mbíonn líon na n-ainmnithe níos mó ná líon na n-ionad).

Tá an uastréimhse ama i gcomhair na dtoghchán leagtha amach san Aguisín leis na imlitir seo. De réir na tréimhse ama seo rachaidh gach aon Bhord nua i mbun oifige ón 1 Nollaig 2015. Rachaidh téarma na Seanbhord ar fad in éag ar an 30 Samhain 2015.

3. Ceisteanna

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an imlitir nó leis an lámhleabhar, tar éis duit an imlitir seo nó an ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019*** a léamh, ba chóir iad a sheoladh ar ríomhphost chuig an Roinn ag: schoolgovernance@education.gov.ie

Ba chóir ceisteanna maidir le **hAguisíní D, E agus H** a sheoladh chuig: minister@education.gov.ie

4. Scaipeadh na himlitreach

Ba chóir cóip den imlitir seo a sholáthar do bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus do phearsanra uile na scoile. Ba chóir cóip a sholáthar chomh maith do Chumann na dTuismitheoirí. Is féidir rochtain a fháil ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Rialachais Scoile

Meán Fómhair 2015

Aguisín

Is é seo a leanas an tréimhse ama do thogha an Bhoird.

(Ba chóir aon tagairt do laethanta a thuiscint mar laethanta féilire, lena n-áirítear laethanta dheireadh na seachtaine)

- Tréimhse 14 lá chun ligean d'ionadaí an Phátrúin dul i gcomhairle le Cumann na dTuismitheoirí maidir leis an mbealach a ndéanfar ainmní/ainmnithe na dtuismitheoirí a thoghadh, liostaí a ullmhú, (mura ndéantar ag cruinniú é), ainmniúcháin a iarraidh agus a fháil.

- Tréimhse seacht lá chun toghcháin ainmní/ainmnithe na dtuismitheoirí a shocrú (i.e. eolas faoi na hiarrthóirí le cur ar pháipéir bhallóide, ullmhú an pháipéir bhallóide agus eisiúint an chéanna).

- Tréimhse seacht lá (ar a mhéad) don tráth is déanaí chun vótaí na dtuismitheoirí a fháil ar ais agus comhaireamh poiblí an chéanna.

- Tréimhse seacht lá le cruinniú a thionól chun baill bhreise ón bpobal a roghnú.

- Deich lá chun teacht ar chomhaontú agus chun ionadaithe a ainmniú (sa chás go ndiúltaíonn aon ainmní ón bpobal gníomhú).

- Seacht lá breise, ach sa chás amháin go ndiúltaíonn na daoine a roghnaíodh i dtús báire mar ainmnithe ón bpobal nó nuair nach mbíonn comhaontú d'aon ghuth ann – Féach Aguisín C den ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019.***

- Tréimhse deich lá chun gur féidir na hainmnithe chuig an mBord a chur in iúl don Phátrún láithreach agus dá réir sin go gcuirfeadh an Pátrún dearbhú an Phátrúin (atá ag Aguisín F de ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019***) ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.